Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le comhionannas a fheabhsú san Aontas Eorpach

(tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 75/09)

Rapóirtéir: **Ozlem YILDIRIM**

Comhrapóirtéir: **Cristian PÎRVULESCU**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20/01/2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	29.09.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.10.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	573
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	140/13/31

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Meabhraíonn CESE brollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ina ndearbhaítear go bhfuil "an tAontas fothaithe ar luachanna dodhealaithe uilechoiteanna dhínit an duine, na saoirse, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta". Cuirtear béim ann, freisin, ar a thábhachtaí atá Airteagal 20 den Chairt, ina gcumhdaítear prionsabal an chomhionannais faoin dlí do chách.

1.2. Anuas air sin, tá sé á mheabhrú ag CESE nach amháin go gcuirtear cosc ar an idirdhealú trí phrionsabal an chomhionannais a chur i bhfeidhm, ach go gcuirtear chun cinn chomh maith cur i bhfeidhm comhsheasmhach an smachta reachta.

1.3. Tá CESE ag moladh go láidir don Chomhairle, don Pharlaimint agus don Choimisiún an chosaint i gcoinne an idirdhealaithe a fhorbairt tuilleadh, a mhéid a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a rochtain, go háirithe trí ghlacadh an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis ([1]).

1.4. Measann CESE go bhfuil bunús maith ag Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus gur chóir a fhorbairt ar bhealach aonfhoirmeach ar fud an Aontais na hionstraimí chun na cearta bunúsacha a chosaint. Ina theannta sin, tá sé riachtanach go gcuirfí san áireamh gach cineál idirghníomhaíochta, gach cineál timpeallachta agus gach cineál cáis ina bhféadfadh an t-idirdhealú teacht chun cinn. Mar gheall ar dhifríochtaí sa chosaint dlí, tá córas ordlathach ann do chearta, rud nach féidir glacadh leis, agus fágtar go mbíonn grúpaí iomlána daoine gan chosaint.

1.5. Braitheann an córas cosanta Eorpach atá ann faoi láthair, den chuid is mó, ar iarracht an íospartaigh aonair chun leigheas breithiúnach a lorg agus caingean dlí a thionscnamh. Mar sin féin, léirítear arís agus arís eile sa taighde nach féidir freagairt do ghné struchtúrach, do ghné thrasnach agus do ghné shistéamach an neamhionannais trí thuairisciú agus trí na nósanna imeachta. Maidir le caingne dlí arna dtionscnamh ag na híospartaigh, léirítear nach mbaintear mórán amach leosan, nach dtionscnaítear caingne dlí ach i gcásanna an-eisceachtúil ar fad de réir na staitisticí, agus nach dtionscnaítear iad ach amháin mura bhfuil an dara rogha ag an duine lena mbaineann ([2]).

1.6. Tá béim á cur ag CESE air nach féidir aghaidh a thabhairt ar na cineálacha casta neamhionannais agus idirdhealaithe a eascraíonn as struchtúir shóisialta ach amháin le beartais chomhleanúnacha chuimsitheacha, le hacmhainní nithiúla agus le gníomhaíocht fhadtéarmach. Múscailt feasachta, infheictheacht, agus oiliúint, is cleasa tábhachtacha iad sin nach mór a ionchorprú i ngach cuid den tsochaí.

1.7. Tá CESE den bharúil nach mór cur chun cinn an chomhionannais agus cosaint na gceart bunúsach a chomhtháthú i bhfís shóisialta níos leithne. De réir na físe sin, chuirfí leis an méid uirlisí trína dtugann na Ballstáit agus na hinstitiúidí Eorpacha tacaíocht do dhaoine aonair agus do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus d'fheabhsófaí na huirlisí sin.

([1]) COM(2008) 426

([2]) Gníomhaireacht um Chearta Bunúsacha, *Equality in the EU 20 years on from the initial implementation of the equality directives*, Aibreán 2021.

1.8. Measann CESE nach mór don Aontas a bheith gníomhach i gcur chun cinn an aitheantais do phrionsabal ginearálta an chomhionannais agus d'oibleagáidí dearfacha maidir leis an gcomhionannas deiseanna. Chuige sin, ní mór do na hinstitiúidí tosú ar an gcéad ghlúin beart eile a fhorbairt ar mhaithe leis an gcomhionannas a chur chun cinn san Eoraip.

1.9. Cé go n-aithníonn CESE go bhfuil rochtain ar chearta ag a lán saoránach a bhuí sin le forbairtí teicneolaíochta, tá sé á chur i bhfáth aige chomh maith go bhféadfadh neamhionannais eile teacht de na forbairtí sin. Fágann sin gur gá idirghabhálacha eile a dhéanamh d'fhonn faireachán a dhéanamh ar phrionsabal na córa comhionainne agus é a chur i bhfeidhm.

1.10. D'fhonn an t-ualach a bhíonn ar dhaoine aonair sa dlíthíocht a fhuascailt, d'fhonn an leigheas a dhéanamh níos láidre le go mbeadh sé chomh dian céanna leis na cleachtais a bhfuil sé ag cur ina gcoinne, agus d'fhonn creat dlíthiúil coisctheach a chruthú sa chaoi go mbeadh sé éifeachtach le srian a chur leis an idirdhealú, tá CESE i bhfách leis go nglacfadh an tAontas reachtaíocht chun caighdeáin a ghlacadh a d'éascódh cur chun feidhme comhghníomhaíochtaí sna Ballstáit chun feabhas a chur ar an rochtain ar leigheas breithiúnach agus ar an tionchar atá aige sin maidir leis an idirdhealú a chomhrac agus an chóir chomhionann a chosaint.

1.11. Tá CESE den bharúil nach mór don Aontas an tslándáil, an chóir chomhionann agus cosaint na ngníomhaithe polaitiúla, na gceardchumann agus na n-eagraíochtaí ag údaráis na mBallstát a áirithiú, agus sin de bhua na luachanna atá aige, eadhon an daonlathas, an smacht reachta agus an neamh-idirdhealú bunaithe ar thuairimí polaitiúla.

1.12. Caithfear, chomh maith leis sin, feabhas a chur ar acmhainneacht gach gníomhaí shibhialta oibriú leis na hionstraimí dlí atá ann cheana agus comhar a dhéanamh leis na hinstitiúidí poiblí, go háirithe iad siúd atá bainteach le cosaint chearta an duine.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Meabhraíonn CESE brollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ina ndearbhaítear go bhfuil "an tAontas fothaithe ar luachanna dodhealaithe uilechoiteanna dhínit an duine, na saoirse, an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta". Cuirtear béim ann, freisin, ar a thábhachtaí atá Airteagal 20 den Chairt, ina gcumhdaítear prionsabal an chomhionannais faoin dlí do chách.

2.2. Anuas air sin, tá sé á mheabhrú ag CESE nach amháin go gcuirtear cosc ar an idirdhealú trí phrionsabal an chomhionannais a chur i bhfeidhm, ach go gcuirtear chun cinn chomh maith cur i bhfeidhm comhsheasmhach an smachta reachta.

2.3. Sa lá atá inniu ann, aithníonn an tAontas Eorpach an iomad cineálacha éagsúla neamhionannais agus na gnéithe trasnacha a bhaineann leo, go háirithe an neamhionannas inscne, eitneach, agus sóisialta, agus an neamhionannas a bhíonn ann ó ghlúin go glúin.

2.4. Breis agus 20 bliain tar éis ghlacadh Chonradh Amstardam, léirítear i ngach táscaire Eorpach agus i ngach táscaire náisiúnta gur ann i gcónaí don idirdhealú bunaithe ar bhunadh eitneach, cine, gnéas, claonadh gnéis, tuairimí agus creidimh, agus míchumas agus aois, i réimsí amhail an obair, rochtain ar earraí, ar oideachas agus, freisin, ar sheirbhísí poiblí agus ar chosaint shóisialta.

2.5. Níl deireadh go fóill leis an idirdhealú de dheasca, go háirithe, próisis chasta a mbíonn carn díobh ann go minic, ar próisis iad a eascraíonn as próisis chomhtháite agus as nósanna a chruthaíonn agus a athchruthaíonn an t-idirdhealú díreach nó an t-idirdhealú indíreach. Fágann an manglam foinsí idirdhealaithe sin go mbíonn cásanna sistéamacha ann a bhíonn ina bhfíorchonstaic roimh chur chun cinn an chomhionannais ([3]).

2.6. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE trína chuid comhaltaí, ach, freisin, trí na gníomhaíochtaí arna stiúradh go díreach sna Ballstáit, go bhfuil an timpeallacht ghinearálta shóisialta ag éirí níos measa agus go bhfuil iompraíochtaí idirdhealaitheacha ag éirí níos coitianta i gcoinne daoine leochaileacha. Ina fhianaise sin, is ríshoiléir gur gá gníomhaíocht ghasta chomhbheartaithe a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach.

2.7. Thairis sin, tar éis ghéarchéim COVID-19 a mhair nach mór dhá bhliain, tá roinnt gníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) ([4]) ina measc, ag cur in iúl go bhfuil comharthaí imníocha ann a léiríonn go bhfuil an neamhionannas sóisialta agus an neamhionannas críochach ag dul in olcas. Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, is measa an neamhionannas sóisialta agus an neamhionannas eacnamaíoch agus tá difear nach beag déanta do ghnólachtaí na hEorpa sa chaoi gur dheacra dóibh anois post a choinneáil agus a chruthú.

2.8. Mar thoradh air sin, tá grúpaí sóisialta atá bocht nó atá i staid éiginnte níos leochailí i leith an idirdhealaithe fós, rud a fhágann go mbíonn siad thíos le gnéithe eile leochaileachta. Tá béim á cur ag CESE ar a riachtanaí atá sé díriú ar chineál sonrach an idirdhealaithe sin agus beartas láidir a fhorbairt chun cur in aghaidh an idirdhealaithe i gcoinne grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch agus sóisialta san Aontas.

([3]) Mulder, J., *Indirect sex discrimination in employment*, Líonra Eorpach na saineolaithe dlíthiúla maidir le comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, an Coimisiún Eorpach, 2020.

([4]) Féach go háirithe an 8ú heagrán den tuarascáil ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir leis an tionchar atá ag an ngéarchéim leanúnach ar shaol na hoibre, Deireadh Fómhair 2021. EIS, *COVID-19: ILO Monitor – 8th edition*, 27 Deireadh Fómhair 2021.

2.9. Tá béim á cur ag CESE air nach féidir srian a chur leis na cineálacha casta neamhionannais agus idirdhealaithe a eascraíonn as struchtúir shóisialta ach amháin le beartais láidre, le hacmhainní nithiúla agus le gníomhaíocht fhadtéarmach. Tá tacaíocht shuntasach mhéadaithe ag teastáil i leith comhlachtaí náisiúnta um an gcomhionannas agus um chearta an duine, go háirithe a mhéid a bhaineann le neamhspleáchas na gcomhlachtaí sin a fheabhsú agus a leithdháiltí foirne agus airgeadais a mhéadú. Múscailt feasachta, infheictheacht, agus oiliúint, is cleasa tábhachtacha iad sin nach mór a ionchorprú i ngach cuid den tsochaí agus den bheartas poiblí.

2.10. Tá CESE den bharúil nach mór cur chun cinn an chomhionannais agus cosaint na gceart bunúsach a chomhtháthú i bhfís shóisialta níos leithne. De réir na físe sin, chuirfí leis an méid uirlisí trína dtugann na Ballstáit agus na hinstitiúidí Eorpacha tacaíocht do dhaoine aonair agus do ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha agus d'fheabhsófaí na huirlisí sin.

2.11. Tá CESE ag athdhearbhú go dtacaíonn sé go hiomlán leis an bplean gníomhaíochta nua le haghaidh Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta óir tá sé den bharúil go bhfuil roinnt gnéithe den phlean comhréireach leis an gcomhionannas a chur chun cinn, le cearta an duine a chosaint agus leis an idirdhealú a chomhrac ([5]). Is den ríthábhacht aird níos mó a thabhairt ar chur chun feidhme na ngnéithe sin ar mhaithe le cuspóirí an phlean gníomhaíochta a bhaint amach.

2.12. I gcomhréir leis na tuairimí dá chuid roimhe seo ([6]), aithníonn CESE na hiarrachtaí arna ndéanamh ag an Aontas i réimse an chomhionannais inscne, réimse na cosanta i gcoinne an idirdhealaithe bunaithe ar bhunadh eitneach, cine nó aois, reiligiún, tuairimí nó creidimh, réimse na cosanta do chearta daoine LGBTQIA+, do chearta na ndaoine faoi mhíchumas agus aithníonn sé, freisin, an obair arna déanamh aige d'fhonn na Romaigh a lánpháirtiú agus d'fhonn cearta na n-imirceach a chosaint.

2.13. Mar a chuir CESE in iúl cheana roimhe seo, ach oiread le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na comhpháirtithe sóisialta, níor bhain na hinstitiúidí um chearta an duine leas as acmhainneacht iomlán na Cairte. Tá feabhsuithe ag teastáil d'fhonn barr feabhais a chur ar thionchar na Cairte ar chosaint, cosc, cur chun cinn, cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm phrionsabal an chomhionannais ([7]).

2.14. Braitheann an córas cosanta Eorpach atá ann faoi láthair, den chuid is mó, ar iarracht an íospartaigh aonair chun leigheas breithiúnach a lorg agus caingean dlí a thionscnamh. Mar sin féin, léirítear sa taighde ar fad nach féidir freagairt do ghné struchtúrach, do ghné thrasnach agus do ghné shistéamach an neamhionannais trí thuairisciú agus trí na nósanna imeachta. Maidir le caingne dlí arna dtionscnamh ag na híospartaigh, léirítear nach mbaintear mórán amach leosan, nach dtionscnaítear caingne dlí ach i gcásanna an-eisceachtúil ar fad de réir na staitisticí, agus nach dtionscnaítear iad ach amháin mura bhfuil an dara rogha ag an duine lena mbaineann ([8]).

2.15. Sa lá atá inniu ann, ó thaobh na fostaíochta de, tá an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe teoranta do chásanna a bhaineann leis na critéir dá dtagraítear in Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus do na critéir sin amháin (i.e. gnéas, cine nó bunadh eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis).

2.16. Anuas air sin, tá cosaint dhlí an Aontais, ó thaobh rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí poiblí de, teoranta do chritéir maidir le cine nó le bunadh eitneach agus an comhionannas inscne. Ní chaitear le haon chineál eile neamhionannais ar an gcaoi sin agus athraíonn an chosaint i gcoinne an idirdhealaithe ó chritéar amháin go critéar eile.

2.17. Ar na saolta seo, tá difríochtaí suntasacha sa chosaint arna tabhairt ag na Ballstáit i gcoinne an idirdhealaithe. Go deimhin, i roinnt Ballstát, déantar earraí agus seirbhísí a chosaint i gcoinne gach cineáil idirdhealaithe dá dtagraítear in Airteagal 19 agus, i mBallstáit eile, déantar iad sin a chosaint i gcoinne critéir nach dtagann faoi raon feidhme an Airteagail sin fiú. Dá bhrí sin, ní hionann an chosaint i gcoinne an idirdhealaithe, nó is é sin le rá nach ionann an comhionannas, ó Bhallstát go Ballstát.

2.18. I bhfianaise an méid thuas uile, is gá na chéad chéimeanna eile a leagan síos chun teacht timpeall ar na teorainneacha atá ann faoi láthair maidir le cur chun feidhme an chreata um chosaint éifeachtach an chomhionannais laistigh den Aontas, a mhéid a bhaineann leis an lánpháirtiú.

([5]) An Plean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta (COM(2021) 38), (IO C 374, 16.9.2021, lch. 38).

([6]) Féach go háirithe na tuairimí: *The situation of women with disabilities* [Staid na mban faoi mhíchumas] (SOC/579), (IO C 367, 10.10.2018, lch. 20), (níl leagan Gaeilge ann); *The situation of Roma women* [Staid na mban Romach] (SOC/585), (IO C 110, 22.3.2019, lch. 20), (níl leagan Gaeilge ann); *Clár Oibre an Aontais Eorpaigh um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2020-2030 a Mhúnlú* (SOC/616): (IO C 97, 24.3.2020, lch. 41); *Diversity management in the EU Member States* [Bainistiú na héagsúlachta i mBallstáit an Aontais] (SOC/642): (IO C 10, 11.1.2021, lch. 7), (níl leagan Gaeilge ann); *An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025* (SOC/667): (IO C 286, 16.7.2021, lch. 128); Plean Gníomhaíochta maidir leis an Lánpháirtiú agus leis an gCuimsiú do 2021-2027 (SOC/668): (IO C 286, 16.7.2021, lch. 134); *Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas* (SOC/680): (IO C 374, 16.9.2021, lch. 50), agus; *The new EU Roma strategic framework for equality, inclusion and participation post-2020* [Creat straitéiseach nua AE maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht don phobal Romach tar éis 2020].

([7]) Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú san Aontas (SOC/671): (IO C 341, 24.8.2021, lch. 50).

([8]) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Equality in the EU 20 years on from the initial implementation of the equality directives, op. cit.*

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. *Dearbhú phrionsabal ginearálta an chomhionannais a chur chun cinn laistigh de na Ballstáit*

3.1.1. Leis an scéal mar atá san Eoraip faoi láthair, is léir gur uaillmhian é prionsabal an chomhionannais atá fós faoi réir éiginnteachtaí suntasacha. Mar shampla, d'admhaigh an Coimisiún gur thug aimsir COVID-19 a dhúshlán ceart a mhéid a bhain le rochtain chomhionann ar chúram sláinte san Eoraip ([9]).

3.1.2. Na linne seo, bíodh agus go bhfuil prionsabal ginearálta an chomhionannais curtha san áireamh ag roinnt tíortha Eorpacha ina gcreat dlíthiúil trí bhíthin ceart chun cóir chomhionann sa tsochaí shibhialta, sa chaidreamh eacnamaíoch agus leis an Stát, tá tíortha eile ann nach gcuireann i gcoinne aon chineáil idirdhealaithe seachas na cinn a bhfuil cosc soiléir dlíthiúil orthu agus níl aon fhoráil acu d'oibleagáid dhearfach chun prionsabal an chomhionannais a chur chun feidhme ([10]).

3.1.3. Fágann an éagsúlacht sin go bhfuil bearna shuntasach idir saoránaigh agus cónaitheoirí na hEorpa maidir le raon feidhme phrionsabal an chomhionannais, maidir le cosaint an phrionsabail sin sa dlí agus na ceanglais a fhorchuirtear chun é a chur chun feidhme go héifeachtach.

3.1.4. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún na deacrachtaí struchtúracha a fhágann nach féidir prionsabal an chomhionannais a bhaint amach ina iomláine a aithint, ar deacrachtaí iad a scaipeann solas ar na teorainneacha a bhaineann le gach ar baineadh amach agus ar scála na neamhionannas san Eoraip sa lá atá inniu ann. Ní mór do na comhlachtaí náisiúnta um an gcomhionannas agus um chearta an duine páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas meastóireachta leanúnaí sin.

3.1.5. Creideann CESE nach mór don Aontas beartas uaillmhianach a ghlacadh chun prionsabal an chomhionannais agus prionsabal an chomhionannais deiseanna a chur chun cinn, beartas a bheadh ar an leibhéal céanna leis na luachanna a fógraíodh sa Chonradh ar an Aontas agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, trí leas a bhaint as a chuid inniúlachtaí uile. Chuige sin, tacaíonn CESE leis an tionscnamh nua ón gCoimisiún Eorpach, atá bunaithe ar Airteagal 157 agus ar Airteagal 19 den Chonradh, a bhaineann le héifeachtacht na gcomhlachtaí náisiúnta um an gcomhionannas, agus le hacmhainneacht, róil éagsúla agus inniúlachtaí na gcomhlachtaí sin a fhorbairt.

3.1.6. Ní mór don Aontas acmhainní nithiúla a chur ar fáil dó féin chun prionsabal ginearálta an chomhionannais a iompú ina phrionsabal dlí is infheidhme sna Ballstáit go léir, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí cosaint a chur ar fáil do thuilleadh cineálacha córa neamh-chomhionainne ná na cinn a bhaineann le seacht gcritéar an idirdhealaithe a chosnaítear faoi Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Bealach éifeachtúil amháin chun bearta frith-idirdhealaithe a bhaint amach ba ea é úsáid a bhaint as cistí struchtúracha, mar shampla.

3.1.7. Prionsabal ginearálta na córa comhionainne a aithint agus oibleagáidí dearfacha a chruthú, mar aon le gnéithe sistéamacha na n-oibleagáidí sin a aithint, ba bhealaí iad sin leis an gcomhrac i gcoinne an neamhionannais eacnamaíoch agus an neamhionannais shóisialta a fheabhsú.

3.2. *An neamhionannas agus an t-idirdhealú sa réimse digiteach a chomhrac*

3.2.1. Cé go n-aithníonn CESE go bhfuil rochtain ar chearta ag a lán saoránach a bhuí sin le forbairtí teicneolaíochta, tá sé den bharúil go gcruthaíonn na forbairtí sin neamhionannais eile maidir le cearta agus seirbhísí a rochtain, agus go bhfágann siad gur gá idirghabhálacha eile a dhéanamh d'fhonn prionsabal na córa comhionainne a chosaint.

3.2.2. Le claochlú digiteach na seirbhísí stáit agus na rochtana ar earraí agus ar sheirbhísí (go háirithe seirbhísí riachtanacha), tá athrú mór tagtha ar an gcaidreamh leis an úsáideoir as siocair gur baineadh na bacainní fisiciúla a bhí air nó uirthi, ach gur cruthaíodh bacainní nua digiteacha. Mar gheall ar an gclaochlú sin, cuirtear cosc ar shaoránaigh áirithe cearta agus seirbhísí a rochtain, go háirithe iad siúd atá i staid éiginnte nó atá leochaileach nó faoi mhíchumas, chomh maith le formhór na ndaoine scothaosta ar chríoch na hEorpa ([11]).

3.2.3. I leith na n-easnamh sin, is gá beartais nua phoiblí a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh an chuimsithe dhigitigh, chomh maith le hoibleagáidí dearfacha a chruthú d'oibreoirí poiblí agus d'oibreoirí príobháideacha le haghaidh úsáideoirí, lena n-áirítear rochtain éasca agus saor in aisce.

([9]) An Coimisiún Eorpach, *Solidarity in Health: Reducing health inequalities in the EU*, [Dlúthpháirtíocht sa tsláinte: na neamhionannais sláinte a laghdú san Aontas Eorpach], COM(2009) 567 final.

([10]) Crowley, N., *Making Europe More Equal: A legal duty?*, Equinet, 2016.

([11]) *Défenseur des droits, Dématérialisation et inégalités d'accès aux services publics* [Dí-ábharú agus neamhionannais sa rochtain ar sheirbhísí poiblí], 2019; agus *Dématérialisation des services publics: trois ans après, où en est-on?* [Dí-ábharú na seirbhísí poiblí: trí bliana níos déanaí, cá bhfuilimid anois?], 2022.

3.2.4. Anuas ar na deacrachtaí digiteacha atá ann ó thaobh rochtain dhigiteach de, agus a mhéid a bhaineann leis na huirlisí a bhaintear as na halgartaim ([12]) agus as na teicneolaíochtaí bithmhéadracha ([13]), tugann CESE dá aire go bhfuil bagairtí eile anuas orainn maidir le sáruithe nua ar chearta agus cineálacha nua idirdhealaithe.

3.2.5. Mar is léir ó obair Chomhairle na hEorpa ([14]) agus ó obair na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha ([15]), cruthaíonn cinntí algartamacha uirlisí cinnteoireachta a mbaineann claontachtaí idirdhealaitheacha leo bunaithe ar an taighde a rinneadh ar atáirgeadh uathoibríoch torthaí. Is iad an dlí um neamh-idirdhealú agus an dlí um chosaint sonraí na hionstraimí dlí is ábhartha dá bhfuil ann chun na rioscaí a bhaineann leis an idirdhealú a bhfuil an intleacht shaorga taobh thiar de a mhaolú. Dá gcuirfí an dá ionstraim dlí sin chun feidhme go héifeachtach, d'fhéadfaidís cur leis an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe neamhdhleathaigh.

3.2.6. I dtaobh faireachán a dhéanamh ar na héifeachtaí sin, measann CESE gur gá a bheith tiomanta do bheartas láidir poiblí le haghaidh mhargadh inmheánach iomlán na hEorpa agus, freisin, le haghaidh gníomhaithe eacnamaíocha lasmuigh den Eoraip. Chuige sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht atáthar i mbun a glactha faoi láthair maidir le seirbhísí digiteacha, caithfear próisis a thabhairt isteach chun faireachán a dhéanamh ar an gcinnteoireacht uathoibrithe, ar dhearbhú sonraí, ar mheasúnú, ar mheasúnuithe tionchair agus ar cheartúcháin i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na dteicneolaíochtaí sin. D'fhéadfadh sé go dtiocfaí ar réitigh, freisin, a bhuí sin le glacadh na Treorach maidir le seirbhísí digiteacha.

3.3. *Cosaint na córa comhionainne a fhorbairt agus an comhrac i gcoinne an idirdhealaithe sa saol gairmiúil*

3.3.1. Tá béim á cur ag CESE ar a ríthábhachtaí atá an fhostaíocht i gcomhair an chomhtháthaithe agus i gcomhair gealltanas an chomhionannais do chách a bhaint amach.

3.3.2. Cé go raibh an tAontas tiomanta i gcónaí don chomhionannas inscne ag an obair, leis an scéal atá ann faoi láthair, meabhraítear dúinn gurb iad na mná, de réir imeachtaí a thit amach roimhe seo, an chéad ghrúpa a bhíonn thíos le hiarmhairtí géarchéimeanna (bídís géarchéimeanna eacnamaíocha, sóisialta, sláinte nó eile). Tá an comhionannas inscne san áit oibre fós ar cheann de na dúshláin is mó atá le sárú ag tíortha Eorpacha. Le linn ghéarchéim COVID-19, thit ráta fostaíochta na mban i ngach aoisghrúpa agus i ngach réimse gairmiúil go dtí 61,8 % ar fud an domhain ([16]).

3.3.3. Eascraíonn cineálacha eile neamhionannas as na neamhionannais inscne sin. De réir suirbhé a rinne Eurostat in 2019, tá 68 % de dhaoine faoi mhíchumas i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta, sin i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, nach bhfuil ach 28,4 % de i mbaol an chéanna ([17]). Maidir leis na daoine a deir gur den phobal LGBT iad, chuir 21 % díobh in iúl go mothaíonn siad go ndéantar idirdhealú orthu ag an obair, agus b'ionann an scéal sin i gcás 25 % de dhaoine ar de bhunadh na Magraibe, na hAfraice nó an phobail Romaigh iad ([18]).

3.3.4. Is éard a léirítear san Eorabharaiméadar ó 2020 maidir le hidirdhealú go gcreideann 59 % de mhuintir na hEorpa gurb é an bunadh eitneach nó an dath craicinn is príomhchúis leis an idirdhealú, agus léirítear sa taighde go bhfuil an t-idirdhealú thar a bheith suntasach i réimse na fostaíochta, réimse ina mbíonn tionchar suntasach aige ar an gcomhionannas deiseanna agus ar an lánpháirtiú sóisialta. Caithfear modhanna éifeachtacha a chur i bhfeidhm chun an t-idirdhealú a chruthú os comhair na gcúirteanna, amhail an modh Clerc, arna aithint ag ardchúirteanna na Fraince. Leis an modh sin, is féidir dul chun cinn gairmiúil na ndaoine atá ag obair ar an leibhéal céanna a chur i gcomparáid le chéile ([19]).

3.3.5. Sa lá atá inniu ann, tá beartas na hEorpa maidir leis an gcomhrac i gcoinne an idirdhealaithe ag an obair teoranta sa chaoi is nach bhfuil ach creat dlíthiúil ann chun cásanna an idirdhealaithe a thabhairt os comhair na gcúirteanna, rud a fhágann go bhfuil ualach an-trom ar an duine a mhaíonn go ndearnadh idirdhealú air nó uirthi chun an t-idirdhealú a chomhrac trí chás amháin nó níos mó thabhairt i gcoinne a fhostóra nó a fostóra, i gcoinne soláthraí seirbhíse nó i gcoinne an Stáit.

([12]) Gerards, J., Xenidis, R., *Algorithmic discrimination in Europe*, Líonra Eorpach na saineolaithe dlíthiúla maidir le comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú, an Coimisiún Eorpach, 2020.

([13]) *Défenseur des droits, Technologies biométriques: l'impératif respect des droits fondamentaux* [Teicneolaíochtaí bithmhéadracha: an urraim is gá do na cearta bunúsacha], 2021.

([14]) An Chomhairle Eorpach, Zuiderveen Borgesius, F., *Discrimination, Artificial Intelligence and algorithmic decision-making*, 2018.

([15]) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Getting the Future Right: Artificial intelligence and fundamental rights*, 2021.

([16]) An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), *Gender equality and the socio-economic impact of the COVID-19 pandemic.*

([17]) Eurostat, *Income inequalities*, 2019.

([18]) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Equality in the EU 20 years on from the initial implementation of the equality directives, op. cit*.

([19]) Chappe. V. A., *La preuve par comparaison: méthode des panels et droit de la non-discrimination* [Cruthú na comparáide: modh na bpainéal agus an ceart chun neamh-idirdhealú], *Sociologies pratiques*, 2011/2 Uimh. 23, lgh. 45-55; Cinneadh Réime de chuid *Défenseur des droits* Uimh. 2022 139 an 31 Lúnasa 2022; An Chúirt Achomhairc: an Dlísheomra Sóisialta 10.7.1998, Uimh. 90 41231; An Dlísheomra Sóisialta, 4.7.2000, Uimh. 98 43285; an Dlísheomra Sóisialta 28.6.2006, Uimh. 04 46419.

3.3.6. Leis na cianta, d'aithin an Coimisiún gur de thoradh feiniméin chomhchoiteanna é an t-idirdhealú. Tá sé an-deacair ar fad d'íospartaigh cur suas leis an dlíthíocht ar bhonn cás ar chás. Tá lear mór fianaise ann a léiríonn gur feiniméan mór é diúltú do chaingean a thionscnamh i gcoinne an idirdhealaithe ([20]). Ní bhaineann ach líon beag cásanna dlíthíochta leis an idirdhealú ag an obair agus is ar éigean atá caingean ar bith ann i dtaobh an idirdhealaithe maidir leis an rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí. D'fhéadfaí na sásraí agus na próisis neamhbhreithiúnacha chun an comhionannas a chur chun cinn, mar aon leis an tacaíocht d'obair dlí *pro bono* agus do chásanna dlíthíochta atá chun leas an phobail, a neartú.

3.3.7. D'fhonn an t-ualach a bhíonn ar dhaoine aonair sa dlíthíocht a fhuascailt, d'fhonn an leigheas a dhéanamh níos láidre le go mbeadh sé chomh dian céanna leis na cleachtais a bhfuil sé ag cur ina gcoinne, agus d'fhonn creat dlíthiúil coisctheach a chruthú sa chaoi go mbeadh sé éifeachtach le srian a chur leis an idirdhealú, tá CESE i bhfách leis go nglacfadh an tAontas reachtaíocht chun uirlisí nós imeachta a ghlacadh a d'éascódh rochtain ar chearta sna Ballstáit, mar shampla trí shásraí comhghníomhaíochta a bheith ann a chuirfeadh feabhas ar an rochtain ar leigheas breithiúnach agus ar an tionchar atá aige sin maidir leis an idirdhealú a chomhrac agus an chóir chomhionann a chosaint.

3.3.8. Thairis sin, má tá an tAontas Eorpach chun an t-idirdhealú san áit oibre a chomhrac go héifeachtach, ní fhéadfadh sé brath ar an dlíthíocht bhreithiúnach mar an t-aon bhealach amháin chun idirghabháil a dhéanamh in aghaidh an idirdhealaithe chomhchoitinn agus an idirdhealaithe shistéamaigh.

3.3.9. Ba cheart don Aontas cur leis an réimse gníomhaíochtaí dá chuid i gcoinne an idirdhealaithe le go bhféadfadh sé an t-idirdhealú a chomhrac ar níos mó bealaí ná an leigheas breithiúnach amháin trí cheanglas a thabhairt isteach gur gá uirlisí réamh-mheasta a chur chun feidhme, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí idirghabháil a dhéanamh sula mbeadh neamhionannais ann, go bhféadfaí cleachtais a cheartú agus an t-idirdhealú chosc.

3.3.10. Measann CESE gur cheart beartais inchomparáide a chur chun feidhme ó thaobh an idirdhealaithe de bunaithe ar gach critéar dá dtagraítear in Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ar an gcúis sin, tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún:

i. gealltanas a thabhairt na beartais atá ann cheana a fhorfheidhmiú go héifeachtúil nó bearta nua a ghlacadh chun an comhionannas ag an obair a chur chun cinn agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach an reachtaíocht atá mar chuid dá bheartas fostaíochta agus dá bheartas frith-idirdhealaithe cheana féin;

ii. a áirithiú go nglacfar bearta chun sainmhíniú an idirdhealaithe san áit oibre a leathnú agus chun na hoibleagáidí maidir le measúnú, tuairisciú agus faireachán na bhfostaithe a spreagadh;

iii. cabhrú leis na gnólachtaí cleachtais frith-idirdhealaithe agus cuimsithe a fhorbairt.

3.4. *Raon feidhme na cosanta i gcoinne an idirdhealaithe laistigh den Aontas a leathnú agus a aontú*

3.4.1. Tá CESE ag moladh go láidir don Aontas Eorpach an chosaint i gcoinne an idirdhealaithe a fhorbairt tuilleadh, a mhéid a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a rochtain, go háirithe trí ghlacadh an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis.

3.4.2. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go bhfágann an chosaint atá ann faoi láthair i gcoinne an idirdhealaithe maidir leis an rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí go bhfuil ordlathas cosanta ann de réir na gcritéar agus fágann sin nach bhfuil daoine arna gcumhdach ag critéir an idirdhealaithe á gcosaint ar bhonn cothrom.

3.4.3. Cé go bhfuil prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar cheann de phríomhcholúin chosanta na gceart bunúsach san Aontas, a fhad agus a bheidh glacadh dhréacht-Treoir COM(2008) 426 ar fionraí, ní bhainfidh an tAontas Eorpach a mhisean amach maidir le cearta comhionanna a bheith i spás poiblí na hEorpa.

3.4.4. Tá CESE ag iarraidh ar an gComhairle, ar an bParlaimint agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar beart chun go nglacfar an dréacht-Treoir sin i leagan ina mbeidh a chuid tograí ginearálta maidir le feabhas a chur ar na bealaí chun cearta agus leigheasanna a rochtain, agus ina mbeidh, go háirithe, sásraí san áireamh a éascóidh rochtain ar chearta trí nósanna imeachta comhghníomhaíochta a ghlacadh chun éifeachtacht agus aitheantas inniúlachtaí na gcomhlachtaí náisiúnta frith-idirdhealaithe a áirithiú.

3.4.5. Ba cheart don Aontas dlús a chur lena chuid iarrachtaí agus lena chomhar ar an leibhéal áitiúil chun deimhin a dhéanamh de go n-urramófar dínit agus cearta bunúsacha daoine LGBTQIA+ gan eisceacht, nach ndéanfar iad a ionchúiseamh agus go neartófar a rannpháirtíocht sa saol poiblí.

([20]) Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Equality in the EU 20 years on from the initial implementation of the equality directives*, *op. cit*.

3.5. Creideann CESE gur cheart don Aontas a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur chun cinn an aitheantais do phrionsabal ginearálta agus oibleagáidí dearfacha maidir leis an gcomhionannas deiseanna. Ní mór d'institiúidí an Aontais, freisin, tacú leis na comhlachtaí náisiúnta um an gcomhionannas agus um chearta an duine trí chaighdeáin cheangailteacha a ghlacadh ionas go mbeidh siad in ann leas a bhaint as an acmhainneacht iomlán atá acu agus a áirithiú go gcuirfear an reachtaíocht atá ann cheana i bhfeidhm go héifeachtach.

3.6. *An chosaint i gcoinne an idirdhealaithe pholaitiúil, ceardchumainn agus shibhialta a athnuachan*

3.6.1. Tá sé á thabhairt dá aire ag CESE go raibh deacrachtaí ag gníomhaithe polaitiúla, ag ceardchumannaithe (nó daoine atá mar bhall d'eagraíocht na bhfostaithe) agus ag gníomhaithe sibhialta ar fud na hEorpa le blianta beaga anuas a saoirse chun tuairimí a nochtadh agus a saoirse gníomhaíochta a fheidhmiú, mar shampla i bhfeidhmiú an chirt chun agóid a dhéanamh chun a gcuid éileamh a chur in iúl nó chun dul i mbun caibidlíochta.

3.6.2. Tá CESE den bharúil nach mór don Aontas agus do na Ballstáit araon an tslándáil, an chóir chomhionann agus cosaint na ngníomhaithe polaitiúla, na gcomhpháirtithe sóisialta agus na n-eagraíochtaí ag údaráis na mBallstát a áirithiú go héifeachtach, i gcomhréir lena reachtaíocht agus leis na hionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme, de bhua a gcuid luachanna, eadhon an daonlathas, an smacht reachta agus an neamh-idirdhealú bunaithe ar thuairimí polaitiúla.

3.6.3. Dhaingnigh na Ballstáit uile EIS C087 maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin agus EIS C098 an Coinbhinsiún i dtaca leis an gCeart Eagrúcháin agus leis an gCómhargáil. Caithfear an tsaoirse comhlachais agus an ceart eagrúcháin a urramú agus a chur chun cinn chomh maith. Tá sé tábhachtach go ndéanfar plé ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais maidir le conas is féidir a áirithiú go mbeidh ionadaíocht ag na hoibrithe sna ceardchumainn agus maidir le conas is féidir leo a gcearta chun comheagrúcháin agus chun comhghníomhaíocht a dhéanamh a fheidhmiú ([21]). I gcomhréir le caighdeáin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta, molann CESE go láidir do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go gcosnóidh siad go héifeachtach an tsaoirse comhlachais, an ceart eagrúcháin agus an ceart chun cómhargála, i gcomhréir lena reachtaíocht, le córais caidrimh thionsclaíoch agus leis na hionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme.

3.7. *Institiúidí náisiúnta éifeachtacha chun an comhionannas a chur chun cinn, na cearta bunúsacha a chosaint agus an t-idirdhealú a chomhrac*

3.7.1. Go rómhinic agus rialacháin Eorpacha agus náisiúnta á gcur i bhfeidhm sa réimse seo, bíonn srianta suntasacha ann ó thaobh na ngnéithe dlíthiúla, institiúideacha, eagrúcháin agus airgeadais de, ar gnéithe iad sin atá ina saintréith de na Ballstáit uile.

3.7.2. Measann CESE gur cheart pleananna nithiúla a chur ar bun, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, chun cur le hacmhainneacht na n-institiúidí náisiúnta ábhartha.

3.7.3. Molann CESE don Choimisiún clár cúnaimh a fhorbairt d'institiúidí náisiúnta a bhfuil freagrachtaí orthu i réimse chearta an duine d'fhonn a gcuid inniúlachtaí a fheabhsú, a neartú agus a chuíchóiriú (cruthú, creidiúnú agus comhlíonadh caighdeán idirnáisiúnta), trí chur leis an bhfeasacht agus leis an eolas atá ann agus trí fhreastal a dhéanamh ar riachtanais shonracha na ngrúpaí uile.

3.7.4. Caithfear, chomh maith leis sin, feabhas a chur ar acmhainneacht gach gníomhaí shibhialta agus gach gníomhaí shóisialta oibriú leis na hionstraimí dlí atá ann cheana agus comhar a dhéanamh leis na hinstitiúidí poiblí, go háirithe iad siúd atá bainteach le cosaint chearta an duine. Tá tacaíocht níos fearr ag teastáil ó na gníomhaithe sóisialta agus ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta, rud a chinnteodh rochtain ar chearta d'íospartaigh idirdhealaithe. D'fhéadfaí an tacaíocht sin a thabhairt trí oiliúint a chur ar fáil, feasacht a mhúscailt, eolas agus dea-chleachtais a chomhroinnt, nó d'fhéadfadh sé gur thacaíocht airgeadais agus eagrúcháin a bheadh ann, chomh maith le cosaint i gcoinne ionsaithe agus feachtais chlúmhillte.

3.7.5. Mar a cuireadh in iúl roimhe seo, athdhearbhaíonn CESE gur gá sásra éifeachtach agus inrochtana a chruthú chun go n-aithneofar agus go dtuairisceofar ionsaithe fisiciúla, ionsaithe ó bhéal, an t-imeaglú agus an ciapadh, lena n-áirítear trí imeachtaí dlí mí-úsáideacha, agus an fhuathchaint i gcoinne eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear na heagraíochtaí a chosnaíonn cearta an duine ([22]). I gcás ina ndéanfar ionsaithe den sórt sin a fhoilsiú ar líne, caithfear iad a shainaithint go tapa agus na foilseacháin chomhfhreagracha a bhaint.

An Bhruiséil, an 26 Deireadh Fómhair 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG

([21]) Féach, freisin, an tuairim *Pá íosta cuibhiúil ar fud na hEorpa* (SOC/632), pointe 4.5.3 agus pointe 4.5.6, (IO C 429, 11.12.2020, lch. 159), (níl leagan Gaeilge ann).

([22]) Tuairim maidir leis an straitéis nua *Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha a neartú san Aontas* (SOC/671): IO C 341, 24.8.2021, lch. 50.

IARSCRÍBHINN

I rith na díospóireachta, diúltaíodh do na leasuithe seo a leanas, a raibh an ceathrú cuid ar a laghad de na vótaí arna gcaitheamh ar a son (Riail 59(3) de na Rialacha Nós Imeachta):

LEASÚ 1

SOC/724 An comhionannas a fheabhsú san Aontas Eorpach

Pointe 3.3.7

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
D'fhonn an t-ualach a bhíonn ar dhaoine aonair sa dlíthíocht a fhuascailt, d'fhonn an leigheas a dhéanamh níos láidre le go mbeadh sé chomh dian céanna leis na cleachtais a bhfuil sé ag cur ina gcoinne, agus d'fhonn creat dlíthiúil coisctheach a chruthú sa chaoi go mbeadh sé éifeachtach le srian a chur leis an idirdhealú, tá CESE ***i bhfách leis go nglacfadh an tAontas*** reachtaíocht chun uirlisí nós imeachta a ghlacadh a d'éascódh rochtain ar chearta ***sna Ballstáit***, mar shampla trí shásraí comhghníomhaíochta a bheith ann a ***chuirfeadh*** feabhas ar an rochtain ar leigheas breithiúnach agus ar an tionchar atá aige sin maidir leis an idirdhealú a chomhrac agus an chóir chomhionann a chosaint.	D'fhonn an t-ualach a bhíonn ar dhaoine aonair sa dlíthíocht a fhuascailt, d'fhonn an leigheas a dhéanamh níos láidre le go mbeadh sé chomh dian céanna leis na cleachtais a bhfuil sé ag cur ina gcoinne, agus d'fhonn creat dlíthiúil coisctheach a chruthú sa chaoi go mbeadh sé éifeachtach le srian a chur leis an idirdhealú, tá CESE ***ag tabhairt ugach do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta iomchuí agus, i gcás inar gá, na bearta sin a dhéanamh chun rochtain ar cheartas a áirithiú agus chun tacú léi. Is féidir go n-áireofaí leis sin*** reachtaíocht chun uirlisí nós imeachta a ghlacadh a d'éascódh rochtain ar chearta sa ***Bhallstát lena mbaineann***, mar shampla trí shásraí comhghníomhaíochta a bheith ann a ***d'fhéadfadh*** feabhas ***a chur*** ar an rochtain ar leigheas breithiúnach agus ar an tionchar atá aige sin maidir leis an idirdhealú a chomhrac agus an chóir chomhionann a chosaint.

Cúis

Níor tháinig na trí ghrúpa go léir ar chomhaontú maidir leis an ábhar seo sa ghrúpa staidéir ná i rannóg SOC. Go traidisiúnta, tagann an dlí nós imeachta faoi inniúlacht na mBallstát. Ina fhianaise sin, ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar mian leo comhghníomhaíochtaí/comhshásamh a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta mar uirlis chun prionsabal an chomhionannais a fhorfheidhmiú. Ar an gcaoi sin, bheifí in ann na córais náisiúnta a oiriúnú d'fhíorstaid na náisiún. Ina theannta sin, níor cheart a ligean i ndearmad go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as comhshásamh chomh maith.

Toradh na vótála

Ar son: 59

In aghaidh: 104

Staonadh: 13

LEASÚ 2

SOC/724 An comhionannas a fheabhsú san Aontas Eorpach

Pointe 3.3.10

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
Measann CESE gur cheart beartais inchomparáide a chur chun feidhme ó thaobh an idirdhealaithe de bunaithe ar gach critéar dá dtagraítear in Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ar an gcúis sin, tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún: — gealltanas a thabhairt na beartais atá ann cheana a fhorfheidhmiú go héifeachtúil nó bearta nua a ghlacadh chun an comhionannas ag an obair a chur chun cinn agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach an reachtaíocht atá mar chuid dá bheartas fostaíochta agus dá bheartas frith-idirdhealaithe cheana féin; — a áirithiú go nglacfar bearta ***chun*** sainmhíniú an idirdhealaithe san áit oibre ***a leathnú agus chun na hoibleagáidí maidir le*** measúnú, tuairisciú agus faireachán ***na bhfostaithe a spreagadh***; — cabhrú leis na gnólachtaí cleachtais frith-idirdhealaithe agus cuimsithe a fhorbairt.	Measann CESE gur cheart beartais inchomparáide a chur chun feidhme ó thaobh an idirdhealaithe de bunaithe ar gach critéar dá dtagraítear in Airteagal 19 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ar an gcúis sin, tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún: — gealltanas a thabhairt na beartais atá ann cheana a fhorfheidhmiú go héifeachtúil nó bearta nua a ghlacadh chun an comhionannas ag an obair a chur chun cinn agus chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach an reachtaíocht atá mar chuid dá bheartas fostaíochta agus dá bheartas frith-idirdhealaithe cheana féin; — a áirithiú go nglacfar bearta ***a chabhródh le húsáid éifeachtúil a bhaint as*** sainmhíniú an idirdhealaithe san áit oibre***, mar atá leagtha síos i ndlí an Aontais, agus a chuirfeadh treoir ar fáil d'fhostóirí maidir lena n-oibleagáidí chun*** measúnú, tuairisciú agus faireachán ***a dhéanamh***; — cabhrú leis na gnólachtaí cleachtais frith-idirdhealaithe agus cuimsithe a fhorbairt.

Cúis

Baineann an pointe seo le beartais atá bunaithe ar chritéir a leagtar amach in Airteagal 19 de CFAE a chur chun feidhme. Seo mar a luaitear cheana féin i bpointe 3.4.1 (agus i bpointe 1.3) den tuairim seo: "Tá CESE ag moladh go láidir don Aontas Eorpach an chosaint i gcoinne an idirdhealaithe a fhorbairt tuilleadh, a mhéid a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a rochtain, go háirithe trí ghlacadh an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis." Is é is aidhm don leasú mionathrú a dhéanamh ar an téacs chun a thabhairt le fios cén sórt beart atá ag teastáil chun go mbeadh cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm rialacha frith-idirdhealaithe an Aontais éifeachtúil.

Toradh na vótála

Ar son: 67

In aghaidh: 109

Staonadh: 11

LEASÚ 3

SOC/724 An comhionannas a fheabhsú san Aontas Eorpach

Pointe 3.4.4

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
Tá CESE ag iarraidh ar an gComhairle, ar an bParlaimint agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar beart chun go nglacfar an dréacht-Treoir sin i leagan ina mbeidh a chuid tograí ginearálta maidir le feabhas a chur ar na bealaí chun cearta agus leigheasanna a rochtain, agus ***ina mbeidh, go háirithe,*** sásraí ***san áireamh*** a éascóidh rochtain ar chearta trí nósanna imeachta comhghníomhaíochta a ghlacadh chun éifeachtacht agus aitheantas inniúlachtaí na gcomhlachtaí náisiúnta frith-idirdhealaithe a áirithiú.	Tá CESE ag iarraidh ar an gComhairle, ar an bParlaimint agus ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar beart chun go nglacfar an dréacht-Treoir sin i leagan ina mbeidh a chuid tograí ginearálta maidir le feabhas a chur ar na bealaí chun cearta agus leigheasanna a rochtain, agus***, san am céanna, a thabharfadh an rogha do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le*** sásraí ***is féidir a thabhairt isteach*** a éascóidh rochtain ar chearta trí nósanna imeachta comhghníomhaíochta a ghlacadh chun éifeachtacht agus aitheantas inniúlachtaí na gcomhlachtaí náisiúnta frith-idirdhealaithe a áirithiú.

Cúis

Níor tháinig na trí ghrúpa go léir ar chomhaontú maidir leis an ábhar seo sa ghrúpa staidéir ná i rannóg SOC. Go traidisiúnta, tagann an dlí nós imeachta faoi inniúlacht na mBallstát. Ina fhianaise sin, ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar mian leo comhghníomhaíochtaí/comhshásamh a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta mar uirlis chun prionsabal an chomhionannais a fhorfheidhmiú. Ar an gcaoi sin, bheifí in ann na córais náisiúnta a oiriúnú d'fhíorstaid na náisiún. Ina theannta sin, níor cheart a ligean i ndearmad go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as comhshásamh chomh maith.

Toradh na vótála

Ar son: 60

In aghaidh: 114

Staonadh: 11

LEASÚ 4

SOC/724 An comhionannas a fheabhsú san Aontas Eorpach

Pointe 1.10

Le leasú mar seo a leanas:

Tuairim ó rannóg	Leasú
D'fhonn an t-ualach a bhíonn ar dhaoine aonair sa dlíthíocht a fhuascailt, d'fhonn an leigheas a dhéanamh níos láidre le go mbeadh sé chomh dian céanna leis na cleachtais a bhfuil sé ag cur ina gcoinne, agus ***d'fhonn creat*** dlíthiúil coisctheach a chruthú sa chaoi go mbeadh sé éifeachtach le srian a chur leis an idirdhealú, ***tá CESE i bhfách leis go nglacfadh an tAontas*** reachtaíocht chun caighdeáin a ghlacadh a d'éascódh cur chun feidhme comhghníomhaíochtaí ***sna Ballstáit*** chun feabhas a chur ar an rochtain ar leigheas breithiúnach agus ar an tionchar atá aige sin maidir leis an idirdhealú a chomhrac agus an chóir chomhionann a chosaint.	***Tá CESE ag tabhairt ugach do na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bhearta iomchuí agus, i gcás inar gá, na bearta sin a ghlacadh d'fhonn*** an t-ualach a bhíonn ar dhaoine aonair sa dlíthíocht a fhuascailt, ***nó é a laghdú,*** d'fhonn an leigheas a dhéanamh níos láidre le go mbeadh sé chomh dian céanna leis na cleachtais a bhfuil sé ag cur ina gcoinne, agus ***ionas go mbeadh a g***creat dlíthiúil coisctheach sa chaoi go mbeadh sé éifeachtach le srian a chur leis an idirdhealú***. Is féidir go n-áireofaí leis sin*** reachtaíocht chun caighdeáin a ghlacadh a d'éascódh cur chun feidhme comhghníomhaíochtaí ***sa Bhallstát lena mbaineann*** chun feabhas a chur ar an rochtain ar leigheas breithiúnach agus ar an tionchar atá aige sin maidir leis an idirdhealú a chomhrac agus an chóir chomhionann a chosaint. ***Chun malartú dea-chleachtas a éascú, iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach faisnéis a chur ar fáil maidir leis na creataí náisiúnta reachtacha éagsúla i ndáil leis sin.***

Cúis

Níor tháinig na trí ghrúpa go léir ar chomhaontú maidir leis an ábhar seo sa ghrúpa staidéir ná i rannóg SOC. Go traidisiúnta, tagann an dlí nós imeachta faoi inniúlacht na mBallstát. Ina fhianaise sin, ba cheart é a bheith de rogha ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar mian leo comhghníomhaíochtaí/comhshásamh a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta mar uirlis chun prionsabal an chomhionannais a fhorfheidhmiú. Ar an gcaoi sin, bheifí in ann na córais náisiúnta a oiriúnú d'fhíorstaid na náisiún. Ina theannta sin, níor cheart a ligean i ndearmad go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as comhshásamh chomh maith.

Toradh na vótála

Ar son: 65

In aghaidh: 113

Staonadh: 8